

Prótacal COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte

Seicliosta 6 - Oibrithe

Forbraíodh an seicliosta seo chun cabhrú le heolas a thabhairt d'oibrithe faoina gcaithfidh siad a dhéanamh chun cabhrú le leathadh COVID-19 ina n-ionad oibre a chosc. Caithfidh fostóirí agus oibrithe oibriú le chéile chun gach duine san ionad oibre a chosaint. Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.Gov.ie, www.hse.ie, www.hpsc.ie agus www.hsa.ie

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
1.	An bhfuil tú ag mothú go maith agus sách folláin le fhilleadh ar an obair?			
2.	An bhfuil tú ag coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19?			
3.	An bhfuil comharthaí agus siomptóim COVID-19 ar eolas agat?			
4.	An bhfuil a fhios agat cén chaoi a leatar an víreas?			
5.	An bhfuil an fhoirm COVID-19 um fhilleadh ar an obair comhlánaithe agat agus tugtha do d'fhostóir? (Féach ar an teimpléad don fhoirm um Fhilleadh ar an Obair)			
6.	An bhfuil tú tar éis a rá le d'fhostóir má bhaineann tú le ceann ar bith de na catagóirí i mbaol?			
7.	An bhfuil ionduchtú faighte agat roimh fhilleadh ar an obair agus an bhfuil tú ar an eolas faoi na bearta rialaithe atá i bhfeidhm ag d'fhostóir chun an baol go nochtfaí thú féin agus daoine eile do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir? (Féach ar Sheicliosta 2 - Bearta Rialaithe)			
8.	An bhfuil d'fhostóir tar éis dul i gcomhairle leatsa ¹ agus na bearta rialaithe sin á gcur i bhfeidhm?			
9.	An bhfuil tú tar éis comhoibriú le d'fhostóir chun a chinntiú go gcloítear go leanúnach leis na bearta rialaithe sin?			
10.	An bhfuil a fhios agat cé hiad d'Ionadaí Oibrithe agus cén chaoi le dul i dteagmháil leo?			
11.	An bhfuil a fhios agat cén chaoi le dul i dteagmháil le d'Ionadaí Oibrithe má tá aon imní ort faoi nochtadh do COVID-19, faoi bhearta rialaithe nach bhfuil á gcomhlíonadh nó má tá aon mholadh agat a d'fhéadfadh cabhrú le leathadh an víris a chosc?			

¹ agus le Ceardchumann nuair is cuí

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
12.	An bhfuil a fhios agat céard atá le déanamh maidir le scaradh fisiciúil, sláinteachas maith lámh agus béasa riospráide?			
13.	An bhfuil a fhios agat cén chaoi le do lámha a ní i gceart?			
14.	An bhfuil a fhios agat cén uair le do lámha a ní: mar shampla <ul style="list-style-type: none"> • roimh bhia a ithe agus a ullmhú agus ina dhiaidh • i ndiaidh casachta nó sraothartaí • i ndiaidh an leithreas a úsáid • roimh thobac a chaitheamh nó roimh vápáil • nuair atá lámha salach • roimh lámhainní a chaitheamh agus ina dhiaidh • roimh dhul ar iompar poiblí agus ina dhiaidh • roimh dhul abhaile • ag sroicheadh/ag fágáil an ionaid oibre/láithreáin eile • i ndiaidh athrú go tasc eile • i ndiaidh teagmháil le dromchlaí a d'fhéadfadh a bheith éillithe • má bhítear i dteagmháil le duine ar a bhfuil siomptóim COVID-19 ar bith? 			
15.	An bhfuil a fhios agat cá bhfuil na stáisiúin glanta lámh/díghalraithe lámh is gaire duit?			
16.	An bhfuil a fhios agat nár cheart lámh a leagan ar d'aghaidh?			
17.	An bhfuil a fhios agat go gcaithfear cloí le scaradh fisiciúil agus fanacht 2 mhéadar ó dhaoine eile i gcónaí ag an obair, fiú sa cheaintín nó seomra níos álainn/feistis?			
18.	An bhfuil a fhios agat go gcaithfear teagmháil fhisiceach le comhoibrithe, custaiméirí nó cuairteoirí a sheachaint?			
19.	An bhfuil a fhios agat céard ba cheart a dhéanamh má thagann siomptóim COVID-19 ort agus tú ag an obair, cén áit a bhfuil an limistéir leithlisithe ina measc? (Féach ar Sheicliosta 4)			
20.	An bhfuil a fhios agat cén cuspóir atá le haon fhaisnéis a theastaíonn a thabhairt do d'fhostóir chun loga teagmhála COVID-19 a choinneáil?			
21.	An bhfuil eolas agat ar aon uainchláir foirne nua, athrú ar amanna tosaigh/críochnaithe, sceidealú sosanna, etc., a bheartaítear?			
22.	An bhfuil tú ar an eolas faoi aon athruithe ar mheasúnuithe riosca a bhaineann le do ghníomhaíochtaí oibre agus aon athruithe ar an ráiteas sábháilteachta mar gheall ar bhearta chun an baol go nochtfaí thú féin agus daoine eile do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
23.	An bhfuil tú ar an eolas faoi aon athruithe ar phleananna éigeandála nó nósanna imeachta garchabhrach i d'ionad oibre mar gheall ar bhearta chun an baol go nochtfaí thú féin agus daoine eile do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir?			
24.	An bhfuil a fhios agat nár cheart earraí ar nós cupán, buidéal, seanra, peann, etc., a roinnt?			
25.	An bhfuil tú ar an eolas go gcaithfear aon earraí pearsanta a thugann tú isteach chuig an obair a ghlanadh, agus nár cheart iad a leagan ar dhromchlaí comhroinnte nó an dromchla sin a ghlanadh nuair a bhaintear an t-earra pearsanta uaidh?			
26.	An bhfuil earraí glantacháin tugtha duit, lámhainní agus díghalrán ina measc chun do spás oibre féin a ghlanadh faoi dhó sa lá?			
27.	An bhfuil a fhios agat go gcaithfidh tú do lámha a ní sula n-úsáideann tú iompar poiblí chun teacht chuig an obair agus nuair a théann tú isteach nó amach as an ionad oibre?			
28.	An bhfuil tú in ann taisteal a bhaineann leis an obair a sheachaint a oiread agus is féidir agus an bhfuil tú in ann thabhairt faoi chruinnithe le comhghleacaithe/cliaint/custaiméirí ar bhealaí eile e.g. ar an bhfón nó ar líne seachas duine le duine?			
29.	Má bhíonn do charr féin in úsáid agat don obair, an bhfuil tú chun taisteal leat féin?			
30.	Má chaithfidh tú feithicil oibre a roinnt, an bhfuil fáil agat ar chlúdach aghaidhe agus táirgí ar nós ceirtíní chun na dromchlaí a dteagmhaítear leo go minic san fheithicil a ghlanadh ag tús agus deireadh gach seala?			
31.	An bhfuil a fhios agat nuair a chaithfidh tú PPE a chaitheamh, agus an chaoi le haon PPE a theastaíonn a fheistiú, a úsáid, a bhaint, a ghlanadh, a stóráil agus a dhiúscairt?			
32.	An bhfuil a fhios agat cé na tacaí atá ar fáil duit má airíonn tú imníoch nó faoi bhrú?			
	Eolas Breise			

Ainm: _____ Síniú: _____ Dáta: _____

Is chun críche oideachais amháin an t-eolas atá sa treoir seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, caillteanas ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.